

Príomhtheachtaireachtaí Lá Feasachta Eorpach maidir le Antaibheathaigh 2022

Na sonraí is déanaí agus an staid reatha

- Measann ECDC go bhfaigheann breis agus 35 000 duine bás de bharr ionfhabhtuithe atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach gach bliain ar fud an Aontais Eorpaigh, na hÍoslainne agus na hIorua, - meastachán atá tar éis dul i méid le blianta beaga anuas. Tá ualach na n-ionfhabhtuithe atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach inchomparáide le hualach an fhliú, na heitinne agus VEID/SEIF le chéile.
- Ar an iomlán, idir 2016 agus 2020, bhí méadú suntasach tagtha ar threochtaí i líon measta na n-ionfhabhtuithe agus na mbásanna inchurtha i leith beagnach gach teaghlaim bhaictéir–fhritsheasmhacht in aghaidh antaibheathach in AE/LEE, cé go raibh laghdú beag ann ó 2019 go 2020, sa chéad bhliain de phaindéim COVID-19.
- Tá nasc díreach ag breis agus 70% de thionchar sláinte ionfhabhtuithe atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach le hionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte. D'fhéadfaí é sin a íoslaghdú trí bhearta leordhóthanacha chun ionfhabhtú a chosc agus a rialú, mar aon le maoirseacht antaibheathaigh i suíomhanna cúraim sláinte.
- Ba é *Escherichia coli* den tríú glúin atá frithsheasmhach in aghaidh ceifeiosporin ba chúis leis an ualach is mó galair, agus ina dhiaidh sin *Staphylococcus aureus* (MRSA) atá frithsheasmhacht in aghaidh meticillin agus *Klebsiella pneumoniae* den tríú glúin atá frithsheasmhach in aghaidh ceifealaspóirine.
- Is í frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach a úsáidtear chun ionfhabhtuithe baictéaracha a chóireáil mar líne dheiridh, amhail carbaipeineimí, a bhfuil an tionchar is mó aici ar an tsláinte. Tháinig méadú ar líon na mbásanna de bharr ionfhabhtuithe le baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh carbaipeineimí idir 2016 agus 2020. Maidir le *Klebsiella pneumoniae* atá frithsheasmhach in aghaidh carbaipeineimí agus *Acinetobacter* spp., ar cúis choiteann iad le hionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte, tháinig méadú tuairim is 50% ar líon na mbásanna inchurtha ina leith idir 2016 agus 2020.
- Idir 2016 agus 2020, ba iad na tíortha ina raibh céatadán arda d'fhritsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach (AMR) de chásanna *Acinetobacter* spp. cheana roimh 2020 a thuairiscigh na méaduithe is mó i líon na gcásanna agus na gcéatadán AMR maidir le *Acinetobacter* spp.
- Tá fadhbanna ar leith ag baint le *Acinetobacter* spp. i gcúram sláinte de thairbhe gur féidir leis leanúint ar aghaidh sa timpeallacht cúraim sláinte go ceann tréimhsí fada agus, nuair a bhunaítear é, is deacair go mór é a dhíothú.

- In 2018, mheas an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) go bhfuil costas EUR 1.1 billiún gach bliain ar chórais cúraim sláinte thíortha AE/LEE de bharr baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach.
- Tá comhchoibhneas soiléir idir minicíocht na húsáide antaibheathach i ndaonra (e.g. i gcúram príomhúil) agus leibhéal chomhfhreagracha frithsheasmhachta in aghaidh ábhar frithmhiocróbach i mbaictéir atá freagrach as ionfhabhtuithe sa daonra céanna. Is é sin le rá, dá mhéad antaibheathach a ídítear i dtír, is amhlaidh is airde na céatadáin fhrithsheasmhachta sa tír sin.
- Ina theannta sin, déantar comhghaol inbhéartach de chur chun feidhme agus de chomhlíonadh na mbeart um ionfhabhtú a chosc agus a rialú le leibhéal na frithsheasmhachta in aghaidh ábhar fhrithmhiocróbach, go háirithe in ospidéal agus i suíomhanna cúraim sláinte eile. Léiríonn sé sin go mbeidh céatadáin fhrithsheasmhachta níos ísle i dtír ina bhfuil níos mó airde ar chosc agus ar rialú ionfhabhtaithe.
- Le linn na tréimhse 2012–2021, chonacthas laghdú suntasach ó thaobh staidrimh de ar úsáid antaibheathach san AE/LEE, sa phobal (suíomhanna cúraim phríomhúil) agus in ospidéal araon. Níor tugadh faoi deara treocheataí méadaitheacha atá suntasach ó thaobh staidrimh de ach i gcás aon tír amháin (an Bhulgáir).
- B'fhéidir go raibh tionchar ag tosca a bhaineann le paindéim COVID-19 ar úsáid antaibheathach an phobail in AE/LEE ó 2020 ar aghaidh (e.g. athruithe ar tharchur galar, iompar i ndail le cúram sláinte a lorg, cleachtais oidis agus minicíocht níos ísle ionfhabhtuithe sa chonair riospráide nach mbaineann le COVID-19 a chuirtear i leith idirghabhálacha neamhchógaisíochta). Mar sin féin, cuireadh dlús leis an méadú ar an gcóimheas idir antaibheathaigh an speictrim 'leathain' agus an speictrim 'chaoil' a úsáidtear in earnáil an phobail in 2020 agus 2021.
- Cé gur léirigh earnáil na n-ospidéal gur tháinig laghdú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar úsáid in AE/LEE le linn 2020 agus 2021, tháinig méadú mór ar úsáid antaibheathach an speictrim leathain agus na líne deiridh.
- Is dúshlán tromchúiseach fós í frithsheasmhacht in aghaidh ábhar fhrithmhiocróbach (AMR) in AE/LEE, agus ní mór dúinn leanúint de na hiarrachtaí chun úsáid neamhriachtanach antaibheathach a laghdú tuilleadh agus chun feabhas a chur ar chleachtais coiscthe agus rialaithe ionfhabhtuithe d'fhonn an úsáid a laghdú go suntasach.
- Bhí na céatadáin AMR a tuairiscíodh an-éagsúil i dtíortha maidir le roinnt teaglamaí de speicis bhaictéarach-ghrúpaí frithmhiocróbacha, go minic le grádán thuaidh-go-theas agus siar-go-soir. Tríd is tríd, thuairiscigh tíortha i dtuaisceart na hEorpa na céatadáin is ísle AMR, agus thuairiscigh tíortha i ndeisceart agus in oirthear na hEorpa na céatadáin is airde AMR.
- In ainneoin go bhfuil feasacht mhéadaithe ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach mar bhagairt don tsláinte phoiblí agus go bhfuil treoir fhianaisebhunaithe ar fáil maidir le hionfhabhtuithe a chosc agus a rialú, go bhfuil maoirseacht ar ábhair fhrithmhiocróbacha ann agus go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach mhicribhitheolaíoch ann, ní leor fós gníomhaíocht sláinte poiblí chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin. Tá géarghá le hidirghabhálacha agus le gníomhaíochtaí níos láidre chun aghaidh a thabhairt ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar fhrithmhiocróbach, agus bheadh tionchar dearfach suntasach acu sin ar shláinte an phobail agus ar chaiteachas ar chúram sláinte amach anseo in AE/LEE.